Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 24

# Deileadh Adhmaid

## Torthaí Foghlama

- 1.1, 1.2, 1.3, 1.8, 1.9, 1.10
- 2.1, 2.2, 2.4, 2.9, 2.11
- 3.8, 3.11

### Téamaí na caibidle seo:

- Dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an deileadh adhmaid a fhoghlaim
- An fheidhm a bhaintear as uirlisí éagsúla deileadóireachta a thuiscint
- Modhanna éagsúla chun adhmad a cheangal den deil a mheas
- Déantáin fheidhmiúla tharraingteacha a chruthú

Úsáidtear an deil, maille le huirlisí deileadóireachta, chun cruth cruinn nó cruth sorcóireach a chur ar phíosa adhmaid. Deileadh adhmaid a thugtar ar an bpróiseas sin.



24.1 Babhla adhmaid a rinneadh ar deil



24.2 Ráille staighre a rinneadh ar deil

**deil** lathe · **sorcóireach** cylindrical · **deileadh adhmaid** wood turning


Meaisíní leictreacha is ea na deileanna a úsáidtear sa lá atá inniu ann. Sula raibh leictreachas ann, áfach, bhí deileanna éagsúla ann a úsáideadh gan leictreachas, an deil chleithe a d'úsáidtí sna meánaoiseanna, mar shampla. Le corda a rothlaítí an t-adhmad ar an deil chleithe. Bhíodh an corda casta timpeall ar an bpíosa adhmaid agus ceangailte de throitheán. D'úsáideadh an deileadóir an troitheán chun an píosa adhmaid a chur ag rothlú ar an deil.





24.3 **An deil chleithe**

## An Deil

Baintear úsáid as an deil chun píosa adhmaid a chur ag rothlú. Tá dhá phríomhchineál deile ann: deil saorsheasaimh agus deil bhinse. Tá deileanna de mhéideanna éagsúla ar fáil. Bíonn na codanna céanna ar an gcuid is mó de na deileanna.




24.4 **Codanna na deile**



24.5 **An deil leictreach**



24.6 **Deileadóir i mbun oibre**

Braitheann méid an déantáin ar mhéid na deile. Ní bhíonn an déantán níos faide ná leaba na deile féin. Maidir le trastomhas an déantáin, braitheann sé sin ar an gcasraon. Féach Fíor 24.4. Tá sé éasca casraon na deile a thomhas. Déantar an fad atá idir an fhearsaid tiomána agus leaba na deile a thomhas agus a mhéadú faoi dhó. Is ionann é sin agus trastomhas an déantáin is mó a chasfadh gan chosc ar an deil.

### Sláinte agus Sábháilteacht: An Deil

- Faigh cead i gcónaí ón múinteoir leis an deil a úsáid.
- Déan cinnte go bhfuil an príomhlíonra leictreachais casta as sula n-ullmhaíonn tú an deil chun oibre.
- Caith scáthlán, masc dusta agus naprún feiliúnach.
- Ná caith éadach scaoilte ná seodra.
- Ceangail siar gruaig fhada. Caith líontán ar an ngruaig, más gá.
- Cinntigh go bhfuil an píosa adhmaid daingnithe i gceart ar an deil.
- Cinntigh go bhfuil an taca uirlise gar don adhmad ach nach bhfuil sé ag cuimilt ina choinne. Rothlaigh an píosa adhmaid le do lámh sula gcasann tú an deil ar siúl lena chinntiú nach bhfuil an taca uirlise róghar dó.
- Ná leag lámh ar an adhmad agus an deil casta air.
- Bain an úsáid cheart as gach ceann de na huirlisí deileadóireachta.

**deil chleithe** pole lathe · **saorsheasaimh** freestanding · **pláta éadain** face plate · **ceannstoc** headstock
**cúlstoc** tailstock · **taca uirlise** tool rest · **fearsaid shnáithithe** threaded spindle · **fearsaid tiomána** drive spindle
**lár tiomána** drive centre · **lár cúlstoic** tailstock centre · **fearsaid chúlstoic** tailstock spindle · **bainseo** banjo

**leaba deile** lathe bed · **casraon** swing · **scáthlán** visor


# Codanna na Deile

## An Ceannstoc

Sa cheannstoc a bhíonn an mótar, na hulóga agus an bheilt tiomána. Is iad na comhpháirteanna sin a chuireann an píosa adhmaid ag rothlú ar an deil agus a rialaíonn luas na deile. Bíonn an lasc ann/as ar an gceannstoc freisin. Ní mór luas na deile a bheith an-ard chun críoch mhaith a chur ar dhéantáin bheaga. Luas níos ísle a bhíonn de dhíth chun críoch mhaith a chur ar dhéantáin mhóra, babhlaí, mar shampla.



24.7 An bheilt tiomána





24.8 Luas na deile

## An Leaba

Taca do chodanna eile na deile is ea leaba na deile. Bíonn codanna éagsúla na deile ceangailte den leaba le boltaí. As miotal a bhíonn an leaba déanta de ghnáth agus, mar sin, ní mór bealú a dhéanamh uirthi go rialta.



24.9 An cúlstoc agus an bainseo ar an leaba




24.10 An cúlstoc á cheangal den leaba

**mótar** motor · **ulóg** pulley · **beilt tiomána** drive-belt
**bealú** lubrication · **hanla glasála** locking handle






## An Taca Uirlise


Is ar an taca uirlise a shuíonn na huirlisí deileadóireachta (siséil, scríobairí agus gúistí, mar shampla) nuair atá déantán á dheileadh. Déantar na huirlisí deileadóireachta a bhogadh ar dheis agus ar chlé feadh an taca uirlise chun an deileadh a dhéanamh.

Ardaítear agus íslítear an taca uirlise de réir mar is gá. Casann sé ar dheis agus ar chlé chomh maith. Bogann an deileadóir an bainseo agus an taca uirlise níos gaire don déantán nó níos faide uaidh de réir mar is gá freisin.




24.11 An taca uirlise

Ba cheart go mbeadh barr an taca uirlise comhthreomhar leis an gcuid sin den déantán atá á deileadh agat. Socraítear airde an taca uirlise sa chaoi is go mbíonn barr an taca uirlise ailínithe le lárlíne an déantáin chomh maith.





24.12 An taca uirlise a shocrú i gceart

**comhthreomhar** parallel · **ailínithe** aligned · **lárlíne** centre line

## An Cúlstoc

Bíonn an cúlstoc clampáilte de leaba na deile. Nuair atá deileadh fearsaide á dhéanamh, is é an cúlstoc a bhíonn mar thaca ag bun an phíosa adhmaid. Socraítear an píosa adhmaid ar thaobh an cheannstoic ar dtús. Ansin sleamhnaítear an cúlstoc isteach i dtreo an adhmaid agus déantar an cúlstoc a ghlasáil. Castar roth láimhe an chúlstoic chun an t-adhmad a dhaingniú idir an cúlstoc agus an ceannstoc agus déantar an roth láimhe a ghlasáil. Tá an píosa adhmaid réidh le deileadh ansin.



24.13 An cúlstoc

## Láir Deile

### An Lár Tiomána

Bior miotail is ea an lár tiomána. Cuirtear cos an láir tiomána isteach san fhearsaid tiomána atá sa cheannstoc agus bíonn an bior sáite sa phíosa adhmaid atá ar an deil. Nuair a chuirtear an deil ar siúl, rothlaíonn an fhearsaid tiomána agus cuireann sé an t-adhmad ag rothlú. Tá cineálacha éagsúla ar fáil. Lár gabhlach a thugtar ar lár tiomána a bhfuil gabhail nó beangáin air. Is é an lár gabhlach a úsáidtear sa rang teicneolaíochta adhmaid de ghnáth. Féach Fíor 24.14 agus Fíor 24.15.

### An Lár Beo

Isteach i bhfearsaid an chúlstoic a théann an lár beo. Ní rothlaíonn fearsaid an chúlstoic, ach nuair a rothlaíonn an t-adhmad ar an deil, rothlaíonn an lár beo. Déantar an lár beo a shocrú go daingean i gcoinne an phíosa adhmaid le roth láimhe an chúlstoic chun go rothlóidh an t-adhmad i gceart. Féach Fíor 24.14.

### An Lár Toll


Isteach i bhfearsaid an chúlstoic a théann an lár toll freisin. Tá poll ina lár agus úsáidtear é le poll a tholladh san adhmad. Is féidir an lár toll a úsáid faoi mar a úsáidtear an lár beo chomh maith ach bior a chur isteach ann. Féach Fíor 24.14.

**fearsaid** spindle · **glasáil** lock · **lár deile** lathe centre · **lár tiomána** drive centre
**lár gabhlach** forked centre · **lár beo** live centre · **lár toll** hollow centre






24.14 An lár gabhlach sáite i bpíosa adhmaid



24.15 Láir deile

## An Pláta Éadain / An Pláta Fásála

Nuair atá babhlaí, plátaí nó cupáin á ndeileadh is é an pláta éadain a úsáidtear go hiondúil chun an déantán a dhaingniú ar an deil. Cuirtear an pláta éadain in ionad an láir tiomána, nó cuirtear ar an bhfearsaid shnáithithe é. Ceanglaítear an t-adhmad den phláta éadain le scriúnna.


24.16 Babhla ar an bpláta éadain

## An Crágán

Úsáidtear an crágán chun babhlaí agus a leithéid a shocrú ar an gceannstoc freisin. Tá gialla ar an gcrágán a bheireann greim ar an bpíosa adhmaid. Ní bhíonn gá le scriúnna, mar sin, chun an t-adhmad a chur ar an deil.


24.17 An crágán


24.18 Murlán sa chrágán


**pláta éadain / pláta fásála** faceplate · **crágán** chuck · **giall** jaw

# Uirlisí Deileadóireachta


Úsáidtear gúistí, siséil, scríobairí agus uirlisí dípháirtiúcháin chun adhmad a dheileadh. Bíonn na huirlisí deileadóireachta níos faide agus níos láidre ná na cinn a úsáidtear i réimsí eile den adhmadóireacht. As cruach ardluais (HSS) atá na lanna déanta agus as crua-adhmad atá cosa na n-uirlisí deileadóireachta déanta. Tá feidhm ar leith ag gach ceann acu, ag brath ar chruth na huirlise.

## Gúistí


Faobhar gearrtha u-chruthach atá ar na gúistí. Déantar cuasanna agus eitrí san adhmad leo. Tá cuisle dhomhain i gcuid acu (na gúistí babhla) agus cuisle éadomhain i gcuid eile (na gúistí fearsaide). Na gúistí a bhfuil cuisle dhomhain iontu a úsáidtear nuair a bhíonn babhla á dheileadh. Na gúistí a bhfuil cuisle éadomhain iontu a úsáidtear nuair a bhíonn fearsaid á deileadh. Is é an gúiste garbhoibre a úsáidtear chun sorcóir a dhéanamh den bhloc cearnach adhmaid. Féach Fíor 24.20.





**24.19 Codanna an tsiséil deilte adhmaid**




**24.20 Cuisle na ngúistí**




**24.21 An siséal sceabhach**




**24.22 An uirlis dípháirtiúcháin**

**uirlisí deileadóireachta** woodturning tools · **cruach ardluais** high-speed steel (HSS) · **lann** blade
**cos** handle · **bianna** ferrule · **u-chruthach** u-shaped · **cuisle** flute · **cuas** cove · **eitre** groove
**gúiste garbhoibre** roughing-out gouge · **sorcóir** cylinder · **cuasáil** coving





## An Siséal Sceabhach


Uillinn atá ar fiar nó 'sceabhach' atá ar bharr na lainne ar an siséal sceabhach. Tá beibheal ar dhá thaobh na lainne. Úsáidtear an siséal sceabhach chun eitrí v-chruthacha a dhéanamh ar fhearsaid. Fágann an siséal sceabhach críoch mín go leor ar an déantán. Féach Fíor 24.21.

## An Uirlis Dípháirtiúcháin

Úsáidtear an uirlis dípháirtiúcháin chun gearrthacha doimhne ingearacha a dhéanamh san adhmad. Tá uirlisí dípháirtiúcháin de mhéideanna difriúla ar fáil. Is ionann leithead an ghearrtha a dhéantar leis an uirlis dípháirtiúcháin agus tiús lann na huirlise. Féach Fíor 24.22.

## Scríobairí


Lann chothrom (gan chuisle) a bhíonn ar na scríobairí agus bíonn beibheal ar an lann. Bíonn an faobhar gearrtha cearnach nó cuartha. Tá méideanna éagsúla de scríobairí ar fáil. Fágann scríobairí críoch gharbh ar an adhmad. Is gá an t-adhmad a ghreanáil tar éis duit an scríobaire a úsáid chun críoch mhaith a bhaint amach. Féach Fíor 24.23.





**24.23 An scríobaire lánchruinn**

# Uirlisí Tomhais

Ba dheacair déantáin chuartha a thomhas go cruinn le rialóir. Úsáidtear uirlisí eile tomhais sa deileadh adhmaid, mar sin, chun na déantáin a thomhas, e.g. rannadóirí agus cailpéir.




**24.24 Rannadóir agus cailpéir**




**24.25 Cailpéir á n-úsáid**

**siséal sceabhach** skew-end chisel · **beibheal** bevel · **v-chruthach** v-shaped
**uirlis dípháirtiúcháin** parting tool · **tiús** thickness · **scríobaire** scraper
**faobhar gearrtha** cutting edge · **rannadóir** dividers · **cailpéar** caliper

## Rannadóirí agus Cailpéir

Úsáidtear an rannadóir chun tomhas a thógáil ó rialóir nó ó líníocht oibre agus é a aistriú go dtí an déantán. Féach Caibidil 15. Úsáidtear an cailpéar seachtrach chun trastomhas seachtrach an déantáin a thomhas agus an cailpéar inmheánach chun trastomhas inmheánach an déantáin a thomhas. Féach Fíor 24.25.

## Cailpéar Vernier

Úsáidtear cailpéar Vernier chun trastomhas seachtrach agus trastomhas inmheánach an déantáin a thomhas. Is féidir doimhneacht an déantáin a thomhas freisin de bhrí go bhfuil stop doimhneachta air. Tá cailpéar Vernier digiteach ar fáil chomh maith leis an gceann analógach. Tá cur síos breise ar chailpéar Vernier i gCaibidil 15.



24.26 Cailpéar Vernier

# Roghnú an Adhmaid

Is beag cineál adhmaid nach féidir a dheileadh. Is é an t-adhmad is oiriúnaí don deileadh adhmaid, áfach, crua-adhmad a bhfuil snáithe dlúth díreach ann. Is iad na cineálacha adhmaid is coitianta ná: an dair, an t-adhmad gallchnó, an seiceamar, an mahagaine, an fheá, an t-adhmad silín, an t-iúr agus an leamhán. Déantar bogadhmad a dheileadh chomh maith ach is deacair críoch mhín a chur air. Ba cheart adhmad a roghnú nach bhfuil aon lochtanna ann, scoilteanna ná cranraí, mar shampla. Tá píosaí adhmaid le haghaidh na deile ar fáil le ceannach chomh maith. 'Crotán' a thugtar ar phíosa réamhullmhaithe adhmaid. Bíonn cruth dronuilleogach nó cruth sorcóireach ar na crotáin de ghnáth.



24.27 Crotáin



Deileadh Adhmaid

# Na Modhanna Deilte

Tá dhá mhodh bhunúsacha deilte ann: deileadh idir láir (deileadh fearsaide) agus deileadh pláta éadain (deileadh babhla).

## Deileadh Idir Láir


Tugtar deileadh idir láir (deileadh fearsaide) air nuair a bhíonn an bloc adhmaid ceangailte den cheannstoc agus den chúlstoc. Déantar cos cathaoireach, cos boird, lámhráillí, etc. ar an mbealach sin. 'Fearsaid' a thugtar ar phíosa fada sorcóireach adhmaid agus é á dheileadh.




24.28 Deileadh idir láir / deileadh fearsaide

### Bloc Adhmaid a Réiteach agus a Chur Idir an Dá Lár


1. Tarraing trasnáin ar dhá cheann an bhloic adhmaid. Cuir bior compáis i lárphointe na dtrasnán. Tarraing ciorcal mór leis an gcompás.



2. Gearr eitre éadomhain ar na trasnáin le sábh tionúir.




3. Plánáil na cúinní go himlíne an chiorcail.



4. Tiomáin an lár gabhlach isteach i lárphointe an bhloic. Socraigh an lár gabhlach sa cheannstoc.



5. Sleamhnaigh an cúlstoc i dtreo an adhmaid go dteagmhaíonn an lár beo leis an lárphointe eile. Cas an roth láimhe go dtí go bhfuil an bloc adhmaid socraithe go daingean idir an lár gabhlach agus an lár beo.



## Deileadh Pláta Éadain


Nuair a dhéantar deileadh pláta éadain (deileadh babhla), is den cheannstoc amháin a bhíonn an déantán ceangailte. Déantar babhlaí, cupáin, plátaí, etc. ar an mbealach sin. Tá ord na hoibre tábhachtach agus deileadh pláta éadain ar siúl. Is é taobh amuigh an déantáin a dhéantar a dheileadh ar dtús. Is ina dhiaidh sin a dhéantar an taobh istigh a dheileadh. Bogtar an taca uirlise ag brath ar cén chuid den déantán atá á dheileadh.




24.29 **Deileadh pláta éadain / deileadh babhla**

### Bloc Adhmaid a Réiteach agus a Chur ar Phláta Éadain


1. Tarraing trasnáin ar bhonn an bhloic adhmaid. Cuir bior compáis i lárphointe na dtrasnán agus tarraing ciorcal mór.




2. Tarraing tadhlaí i ngach cúinne agus marcáil an fuíolladhmad.




3. Gearr an fuíolladhmad den bhloc adhmaid leis an gcrios-sábh.



4. Lárnaigh an pláta éadain agus tiomáin na scriúnna isteach san adhmad. Socraigh an pláta éadain sa cheannstoc.



5. Úsáid gúiste garbh-oibre agus déan cruth sorcóireach den bhloc adhmaid.




6. Déan an babhla a dheileadh. Úsáid gúiste ar an taobh amuigh. Úsáid gúiste agus scríobaire ar an taobh istigh.





Deileadh Adhmaid


Mura bhfuiltear ag iarraidh scriúnna a thiomáint isteach sa déantán féin, réitítear diosca fuíolladhmaid nó diosca sraithadhmaid agus tiomáintear scriúnna an phláta éadain isteach sa diosca sin. Greamaítear an bloc adhmaid den diosca fuíolladhmaid le gliú agus cuirtear cairtchlár eatarthu. Ansin déantar an babhla a dheileadh as an mbloc adhmaid.





24.30 **An pláta éadain**

### Diosca Fuíolladhmaid a Réiteach


1. Gearr diosca as píosa fuíolladhmaid leis an gcrios-sábh.




2. Tiomáin scriúnna an phláta éadain isteach sa diosca. Socraigh an pláta éadain sa cheannstoc.




3. Úsáid gúiste garbhoibre agus déan sorcóir cruinn den diosca fuíolladhmaid.




4. Gliúáil ciorcal cairtchláir den diosca. Gliúáil an bloc adhmaid den chairtchlár. Socraigh an pláta éadain sa cheannstoc arís.




5. Bog an cúlstoc chun tosaigh agus daingnigh na bloic idir an cúlstoc agus an ceannstoc. Fág iad go dtí go dtriomóidh an gliú.



6. Nuair atá an gliú tirim, sleamhnaigh an cúlstoc siar arís. Socraigh an taca uirlise agus tosaigh ar an deileadh.



Úsáidtear solas breise go minic agus babhlaí á ndeileadh. Nochtann an solas scríoba agus adhmad garbh míchothrom. Cuidíonn sé leis an deileadóir an fuíolladhmad a bhaint go cruinn agus tiús an déantáin a mheas. Cuirtear an solas lasmuigh den déantán nó laistigh de réir mar is gá.





24.31 Solas a úsáid

# Teicnící Éagsúla Deilte

## Teimpléad

Réitítear teimpléad nuair is gá cúpla cóip a dhéanamh den déantán céanna. Tarraingítear léaráid chruinn ar pháipéar d'imlíne an déantáin ar dtús. Ansin, gearrtar teimpléad as sraithadhmad tanaí nó as cairtchlár. A fhad is atá an déantán á dheileadh, cuirtear an déantán i gcomparáid leis an teimpléad chun go ndéanfaí na gearrthacha sna háiteanna cearta agus chun go mbeadh toisí an déantáin ag teacht le toisí an teimpléid.




24.32 Teimpléad a úsáid




Deileadh Adhmaid

## Bloic Ildaite Adhmaid

Nós atá ag éirí an-choitianta le blianta anuas is ea píosaí adhmaid a lannú nó a ghearradh agus a ghliúáil dá chéile sula ndéantar iad a dheileadh. Is minic a dhéantar earraí tí, e.g. lampaí agus babhlaí, ar an gcaoi sin. Roghnaítear cláir d'adhmaid éagsúla, mahagaine agus feá, mar shampla. Adhmad dorcha agus adhmad geal a bhíonn ann de ghnáth ach is fearr crua-adhmad a ghliúáil de chrua-adhmad agus bogadhmad a ghliúáil de bhogadhmad. Má mheasctar an dá chineál, is deacair críoch ar comhchaighdeán a chur ar an déantán ar fad.



24.33 Babhla ildaite





24.34 Cláir adhmaid a ghliúáil dá chéile

## Poll a Tholladh


Tá dhá phríomh-mhodh ann chun poll a tholladh i ndéantán cuartha adhmaid: poll a dhéanamh sa déantán agus é ar an deil, nó poll a dhéanamh sa bhloc adhmaid sula gcuirtear ar an deil é.

Chun an poll a tholladh sa déantán agus é ar an deil, úsáidtear an lár toll. Daingnítear an déantán ar an deil idir an lár tiomána agus an lár toll ar dtús. Ansin brúitear barra tollta tríd an gcúlstoc agus tríd an lár toll chun poll a dhéanamh leathshlí tríd an déantán. Baintear an barra tollta amach go rialta chun sliseanna agus mín sábh a ghlanadh amach as an bpoll. Iompaítear thart an déantán ansin. Cuirtear an lár fritollta in áit an láir tiomána agus daingnítear an déantán idir an lár fritollta agus an lár toll. Déantar tolladh ó thaobh eile an déantáin go dtí go bhfuil an poll tollta tríd an déantán ar fad. Féach Fíor 24.35 ar an gcéad leathanach eile.

Chun an poll a dhéanamh sa bhloc adhmaid sula gcuirtear ar an deil é, ullmhaítear dhá phíosa adhmaid atá ar cóimhéid. Úsáidtear an cuasphlána chun eitre a ghearradh sa dá phíosa adhmaid. Gliúáiltear an dá phíosa adhmaid dá chéile ansin agus an dá eitre ar an taobh istigh. Fágann sé sin bloc adhmaid a bhfuil poll ina lár agus atá ullamh le haghaidh na deile. Féach Fíor 24.36.





24.35 Poll a tholladh ar an deil




24.36 Poll in adhmad gliúáilte

## Ailt

Déantar ailt chun píosaí cuartha adhmaid a nascadh dá chéile, e.g. fearsaid lampa agus bonn lampa nó dhá lámhráille. Alt moirtíse agus tionúir a rinneadh ar deil a bhíonn i gceist go minic mar is alt láidir é. Déantar poll cruinn (an mhoirtís) a dhruileáil ar dtús. Déantar an spiogóid (an tionúr) a dheileadh ansin. Má tá an spiogóid rómhór, is gnách go mbaintear tuilleadh adhmaid den spiogóid chun go rachaidh sé isteach sa pholl, seachas an poll a mhéadú.




24.37 Alt moirtíse agus tionúir a rinneadh ar an deil



**cuasphlána** router plane · **eitre** groove · **aghaidhchló** front elevation
**taobhchló** side elevation · **alt moirtíse agus tionúir** mortise and tenon joint
**spiogóid** spigot · **trasghearradh** cross-section



## Bailchríocha

Is minic a chríochnaítear an déantán agus é ar an deil. Cuirtear an taca uirlise agus na huirlisí deileadóireachta i leataobh. Cinntíonn sé sin go mbíonn neart spáis ann chun an déantán a ghreanáil agus chun bailchríoch fhorchurtha a chur air.

Úsáidtear grád meánach (80) de pháipéar gainimh ar dtús chun an dromchla garbh a ghreanáil. Ansin úsáidtear grád mín (120-150) chun marcanna nó scríoba a bhaint. Críochnaítear an ghreanáil le grád an-mhín (180-320) chun aon scríoba atá fós ar an adhmad a bhaint. Úsáidtear olann chruach (grean 000) mar mhalairt ar an ngrád an-mhín de pháipéar gainimh chomh maith. Tá deileadóirí ann freisin a úsáideann scamhacháin adhmaid a baineadh den déantán, seachas an grád an-mhín de pháipéar gainimh. Is gá a bheith cúramach agus an modh seo á úsáid agat, áfach. Má chuireann tú an iomarca brú ar an déantán, d'fhéadfá do lámh a dhó.

Is iad na bailchríocha forchurtha is coitianta a chuirtear ar dhéantáin a rinneadh ar an deil an ola Dhanmhargach, an tungola, céir agus snasán Francach. Téann siad seo isteach i snáithe an adhmaid go héasca. Tá sé éasca chomh maith cótaí sa bhreis de na holaí a chur ar dhéantán i gcomparáid leis an vearnais, mar shampla.



24.38 Greanáil agus an déantán ar an deil



24.39 Bailchríoch á cur ar bhabhla ar an deil

**greanáil** sanding · **bailchríoch fhorchurtha** applied finish
**grád** grade · **páipéar gainimh** sandpaper
**olann chruach** steel wool · **scamhacháin adhmaid** wood shavings